2025/1283

27.6.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1283 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Meitheamh 2025

lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES maidir le Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2005, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES [1] maidir le Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah).

(2) An 25 Meitheamh 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1806 [2], lenar cuireadh síneadh le sainordú EU BAM Rafah go dtí an 30 Meitheamh 2025.

(3) Sna conclúidí uaithi an 20 Márta 2025, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl go raibh an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí do shíocháin mharthanach inbhuanaithe bunaithe ar an réiteach dhá stát, agus go raibh sé faoi réir le gach iarracht a dhéanamh chun an réiteach sin a bhaint amach, agus d'iarr sí ar na páirtithe uile staonadh ó ghníomhaíochtaí a bhain an bonn den réiteach sin. Ina theannta sin, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl go leanfaidh an tAontas de bheith ag obair le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta chuige sin agus go leanfaidh sé de bheith ag tabhairt tacaíocht d'Údarás na Palaistíne agus dá chlár oibre don athchóiriú.

(4) An 30 Aibreán 2025, i gcomhthéacs an athbhreithnithe straitéisigh chomhordaithe ar EU BAM Rafah agus ar Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS), chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart síneadh a chur le sainorduithe an dá mhisean go dtí an 30 Meitheamh 2027. Chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála freisin gur cheart a chur ar chumas EU BAM Rafah tionscadail a chur chun feidhme, lena n-áirítear le cistí seachtracha, agus, dá bhrí sin, ba cheart aonad tionscadail a bheith aige chun na críche sin.

(5) Agus faisnéis a sholáthair Iosrael agus Údarás na Palaistíne á cur san áireamh, ba cheart síneadh bliana a chur le EU BAM Rafah.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES a leasú dá réir sin.

(7) Cuirfear EU BAM Rafah i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 13(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Is é EUR 7 493 238,13 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha an caiteachas a bhaineann le EU BAM Rafah a chumhdach don tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026.';

[1] Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES ón gComhairle an 25 Samhain 2005 maidir le Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (IO L 327, 14.12.2005, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2005/889/oj).

[2] Cinneadh (CBES) 2024/1806 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2024 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES maidir le Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (IO L, 2024/1806, 26.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1806/oj).

(2) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 13a*

Aonad Tionscadail

1. Beidh Aonad Tionscadail ag EU BAM Rafah chun tionscadail atá comhsheasmhach le cuspóirí an Mhisin agus lena n-éascaítear cur i gcrích an tsainordaithe a shainaithint agus a chur chun feidhme. Maidir leis na tionscadail arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit agus ag tríú Stáit atá faoina gcúram i réimsí a bhaineann le EU BAM Rafah, déanfaidh EU BAM Rafah na tionscadail sin a éascú agus soláthróidh sé comhairle i dtaca leo, de réir mar is iomchuí, chun tacú lena chuspóirí.

2. Faoi réir mhír 3, údarófar EU BAM Rafah dul i muinín ranníocaíochtaí airgeadais ón Aontas agus ó na Ballstáit nó ó na tríú Stáit chun tionscadail a chur chun feidhme a shainaithnítear mar thionscadail lena gcomhlánófar gníomhaíochtaí eile EU BAM Rafah ar bhealach comhsheasmhach, más fíor an méid seo a leanas:

(a) go bhforáiltear don tionscadal sa ráiteas airgeadais a bhaineann leis an gCinneadh seo; nó

(b) go ndéantar an tionscadal a chomhtháthú le linn an tsainordaithe trí bhíthin leasú a dhéanamh ar an ráiteas airgeadais arna iarraidh ag an gCeann Misin.

A luaithe a bheidh sé molta go foirmiúil ag an gCoimisiún nó ag na Stáit sin go bhfuil EU BAM Rafah lena ranníocaíocht airgeadais a bhainistiú, tabharfaidh EU BAM Rafah socrú i gcrích leis an gCoimisiún nó leis na Stáit sin, socrú lena gcumhdófar go háirithe na nósanna imeachta sonracha chun déileáil le haon ghearán ó thríú páirtithe a bhaineann le damáiste arna dhéanamh mar thoradh ar ghníomhartha nó neamhghníomhartha de chuid EU BAM Rafah in úsáid na gcistí arna soláthar ag na Stáit sin.

Ní fhéadfaidh na Stáit is ranníocóirí iad in imthosca ar bith an tAontas ná an tArdionadaí a chur faoi dhliteanas as gníomhartha nó as neamhghníomhartha arna ndéanamh ag EU BAM Rafah agus na cistí arna soláthar ag na Stáit sin á n-úsáid acu.

3. Is faoi réir ghlacadh an Choiste Pholaitiúil agus Slándála a thabharfaidh an tAontas, na Ballstáit, nó tríú Stáit ranníocaíochtaí airgeadais don Aonad Tionscadail.';

(3) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Rachaidh sí in éag an 30 Meitheamh 2026.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. SZŁAPKA